



Comhairle an  
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2017  
(OR. en)

15583/17

COASI 201  
ASIE 63  
CFSP/PESC 1125  
POLGEN 167  
RELEX 1099  
COHOM 162  
JAI 1187  
WTO 310

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle  
chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 15220/17  
roimhe seo:

---

Ábhar: An Téalainn  
- Conclúidí ón gComhairle (11 Nollaig 2017)

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn conclúidí na Comhairle maidir leis an Téalainn, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3587ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 11 Nollaig 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Téalainn**

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí a mheasann sí atá caidreamh an Aontais leis an Téalainn. Is díol sásaimh don Chomhairle a chuidithí atá an Téalainn ina ról mar thír-chomhordaitheoir don idirphlé idir an tAontas Eorpach agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas.
2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-iarrann sí go ndéanfar athbhunú ar an bpróiseas daonlathach sa Téalainn trí thoghcháin chuimsitheacha inchreidte a reáchtáil agus ar an urraim do chearta an duine agus do na saoirsí bunúsacha.
3. Meabhraíonn an Chomhairle gurb ábhar inní di go ndearna an-chiorrú ar chearta sibhialta agus polaitiúla sa Téalainn i ndiaidh coup míleata in 2014. Tá an-srian ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar an tsaoirse comhthionóil mar gheall ar roinnt dlíthe agus orduithe NCPO. Ina theannta sin, déantar ciapadh breithiúnach leantach ar ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus ar chosantóirí chearta an duine. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé saoirsí bunúsacha den sórt sin a athbhunú agus an Téalainn ag dul i dtreo an daonlathais, agus athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá an tsochaí sibhialta i ndaonlathas feidhmiúil. Chuige sin, leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine.
4. Spreagann an Chomhairle údaráis na Téalainne na moltaí a glacadh le linn an dara hathbhreithniú tréimhsiúil uilechoiteann ar an Téalainn a chur chun feidhme (Bealtaine 2016).

5. Tugann an Chomhairle dá haire fógart Bhunreacht nua na Téalainne ar an 6 Aibreán 2017 ina sonraítear go n-eagrófar olltoghcháin laistigh de 150 lá tar éis do cheithre bhundlí a bheith fógartha. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an ullmhúchán reachtach le toghcháin a thionól. Sa chomhthéacs sin is díol sásaimh don Chomhairle an ráiteas a thug ceannaire NCPO ar an 10 Deireadh Fómhair 2017 go dtionólfai na toghcháin ghinearálta i mí na Samhna 2018. Is mian leis an gComhairle go nglacfaí na bundlíthe eile a luaithe agus is féidir agus go ndéanfaí an t-amchlár bunreachtúil maidir leis an toghchán a thionól a urramú.
6. Tugann an Chomhairle dá haire an cinneadh ó cheannaireacht mhíleata na Téalainne deireadh a chur, de réir a chéile, le sibhialtaigh a ionchúiseamh os comhair cúirteanna míleata le haghaidh roinnt cionta ón 12 Meán Fómhair 2016 i leith, lena n-áirítear le haghaidh cionta i gcoinne na slándála inmheánaí agus cionta lèse majesté. Iarrann an Chomhairle ar údarais na Téalainne gan sibhialtaigh a ionchúiseamh os comhair cúirteanna míleata, lena n-áirítear i gcás cionta lèse majesté a rinneadh roimh an 12 Meán Fómhair 2016.
7. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí ó mhí Mheitheamh 2014 ina léiríodh go leanfadh an tAontas Eorpach d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aici leis an Téalainn agus go ndéanfadh sí tuilleadh machnaimh faoi bhearta eile a fhéadfaí a dhéanamh, agus na cúinsí á gcur san áireamh. I bhfianaise na bhforbairtí thuasluaite, measann an Chomhairle go bhfuil sé iomchuí go ndéanfar athbhunú caidrimh polaitiúil, de réir a chéile, leis an Téalainn.
8. Chinn an Chomhairle, mar sin, go ndéanfaí teagmhálacha polaitiúla ar gach leibhéal a atosú leis an Téalainn d'fhonn fíor-idirphlé a éascú maidir le saincheisteanna tábhachta frithpháirteacha, lena n-áirítear maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, agus maidir leis an mbealach i dtreo an daonlathais. Bainfidh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit úsáid éifeachtach as na teagmhálacha sin chun na sin na saincheisteanna sin a ardú.
9. Tá an Chomhairle ag súil leis an gcaidrimh leis an Téalainn a neartú, de réir a chéile, tar éis toghcháin chuimsitheacha inchreidte a réachtáil agus feabhas a chur ar an staid maidir le cearta an duine. Tá an tAontas Eorpach ag brath ar údarais na Téalainne le timpeallacht pholaitiúil a áirithiú ina bhfuil páirtithe freasúra agus an tsochaí shibhialta in ann feidhmiú gan bhac.

10. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint, in éindí leis an Téalainn, an féidir caibidlíocht a atosú maidir le comhaontú saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus an Téalainn.
11. Mar sin, d'fhéadfaí féachaint le comhaontú um chomhpháirtíocht agus um chomhar a shíniú agus tús nua a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú saorthrádála leis an Téalainn, le rialtas sibhialta a toghadh go daonlathach faoin mbunreacht nua.
12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go leanfaidh sé d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh atá aici leis an Téalainn agus béim á cur aici go háirithe ar na réimsí seo a leanas:
  - deireadh a chur le srianta ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán chomh maith le deireadh a chur le srianta ar an tsaoirse chun comhthionóil agus comhlachais, deireadh a chur le srianta ar ghníomhaíochtaí na bpáirtithe polaitiúla agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear meas agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí chosantóirí chearta an duine;
  - toghcháin chuimsitheacha inchreidte a reáchtáil i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta as a dtiocfaidh institiúidí daonlathacha lánfheidhmiúla;
  - rialtas sibhialta, a thoghfar go daonlathach faoin mbunreacht nua, a thabhairt isteach.
13. Tá an tAontas Eorpach réidh chun cabhrú leis an Téalainn na cuspóirí sin a bhaint amach, de mheon na comhpháirtíochta.
14. Iarrann an Chomhairle ar Ardionadaí an Aontais, in éineacht leis an gCoimisiún, faireachán a dhéanamh agus an Chomhairle a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn a bhainfear amach.